
# Cá bhfuil Cóilín?

Séideán Sí



Brídín Nic Uiginn

Steve Simpson a mhaisigh

# Cá bhfuil Cóilín?




Brídín Nic Uiginn
Steve Simpson a mhaisigh

An Gúm
Baile Átha Cliath


‘Ba mhaith liom dul amach sa domhan mór,’ arsa Cóilín Coinín lena mháthair lá.

‘Tá tú ró-óg fós,’ ar sise leis.

‘Caithfidh tú fanacht anseo tamaillín agus aire a thabhairt do do dheirfiúirín.’


Agus amach an doras léi.





Cóilín bocht! Ní mó ná sásta a bhí sé. ‘Ba mhaith liom dul amach sa domhan mór,’ ar seisean. ‘Ach dúirt Mamaí liom go bhfuilim ró-óg. Is fada liom go mbeidh mé mór.’





Nuair a bhí a dheirfiúirín ina codladh siúd le Cóilín amach as an gcoinicéar.

Is é a bhí breá sásta leis féin.
'Tá mé amuigh sa domhan mór,'
ar seisean agus síos an bóthar leis.
Chonaic Cóilín féileacáin agus
chonaic sé éin. Chonaic sé beacha
agus chonaic sé bláthanna.
'Is maith liom an domhan mór,'
ar seisean.




Is maith liom an domhan mór!


Ansin chonaic Cóilín garraí. Bhí cairéid agus tornapaí agus leitís ag fás sa gharraí.

‘Ó!’ arsa Cóilín. ‘Is maith liomsa cairéid.’

Isteach sa gharraí leis agus thosaigh sé ag ithe.

‘Tá na cairéid seo breá blasta,’ arsa Cóilín.





Tar éis tamaill bhuail tuirse é.
‘Táim tuirseach,’ ar seisean.
Luigh sé siar agus dhún sé a shúile.
Níorbh fhada go raibh sé
ina chodladh go sámh.





Tamall ina dhiaidh sin dhúisigh Cóilín de phreab. Bhí duine éigin ag teacht! Léim sé ina sheasamh.

Cé a bheadh ann ach an feirmeoir. 'Bailigh leat, a bhithiúnaigh! Bailigh leat!' arsa an feirmeoir de bhéic.





Rith Cóilín. Rith an feirmeoir
ina dhiaidh.
'Bailigh leat, a bhithiúnaigh! Bailigh
leat!' arsa an feirmeoir arís leis.

Bhí a chroí ina bhéal ag Cóilín bocht. Rith sé agus rith sé agus an feirmeoir ina dhiaidh. Ach ansin chuala sé glór eile. Glór deas séimh. ‘Tar anseo, a Chóilín. Tabharfaidh mise aire duit,’ arsa an glór.






Cé a bheadh ann ach Caoimhe Coinín. Rug Caoimhe ar Chóilín agus thug sí isteach ina coinicéar féin é. Bhí sé slán sábháilte!







Bhí sé dorcha nuair a tháinig máthair Chóilín abhaile.

'Cá bhfuil tú, a Chóilín? Cá bhfuil tú?' ar sise.

Ach ní raibh tásc ná tuairisc ar Chóilín.

Rith máthair Chóilín amach ar an mbóthar agus a croí ina béal aici.
‘Cá bhfuil tú, a Chóilín? Cá bhfuil tú?’ ar sise.
Ach tásc ná tuairisc ní raibh ar Chóilín.





Rith máthair Chóilín isteach sa gharraí agus a croí ina béal aici. ‘Cá bhfuil tú, a Chóilín? Cá bhfuil tú?’ ar sise.

Is ansin a chuala sí an glór. Glór deas séimh.

'Tá sé anseo in éineacht liomsa,' arsa an glór.



Nuair a chonaic Cóilín a mháthair thosaigh sé ag caoineadh.
‘Ná bí ag caoineadh, a stór,’ arsa Caoimhe leis. ‘Tá do mhamaí anseo anois agus tá tú slán sábháilte.’






‘Cá raibh tú, a stór? Cá raibh tú?’
a d’fhiafraigh a mháthair de Chóilín.
D’inis sé an scéal ó thús deireadh di.
‘Ní maith liom an domhan mór,
a Mhamaí,’ ar seisean. ‘Ná ní maith
liom an feirmeoir.’




Ní maith liom an feirmeoir.

‘Is maith an rud é go raibh tusa anseo le haire a thabhairt dó,’ arsa máthair Chóilín le Caoimhe. ‘Tá sé ró-óg le bheith amuigh sa domhan mór.’

‘Tá,’ arsa Caoimhe. ‘I bhfad ró-óg.’



Bhí Cóilín breá sásta leis féin.
'Táim slán sábháilte anois,' ar sé.
'Go raibh maith agat, a Chaoimhe.'
'Muise, tá fáilte romhat, a stór,'
arsa Caoimhe.





‘Nach bhfuil sé in am againn
a bheith ag dul abhaile anois?’ arsa
a mháthair le Cóilín tar éis tamaill.
‘Tá,’ arsa Cóilín. ‘Ní maith liom
an domhan mór. Ná ní maith liom
an feirmeoir.’
D’imigh Cóilín agus a mháthair
abhaile agus iad breá sásta
leo féin.

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006
Obair ealaíne © Steve Simpson, 2006

Athchló 2013

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

Sraith 'Cóilín Coinín' Leabhairín 1

Ba mhaith le Cóilín dul amach sa domhan mór ach cheap a mháthair go raibh sé ró-óg.

An Gúm